



Na Critéir Roghnúcháin 2020 don 70ú Tionól Lindau do Bhuaiteoirí an Ghradam Nobel (Idirhisciplíneach), tiomanta don Cheimic, Fisic agus Fiseolaíocht nó Leigheas

Tá áthas ar an gComhairle um Thaighde in Éirinn a fhógairt go bhfuil an ghairm le haghaidh ainmniúchán oscailte do thaighdeoirí bunaithe in Éirinn, ag obair i réimse na Ceimice, na Fisice, agus na Fiseolaíochta nó Leighis, chun freastail ar an 70ú Tionól Lindau do Bhuaiteoirí an Ghradam Nobel (idirhisciplíneach).

Tabharfar cuireadh do Bhuaiteoirí an Ghradam Nobel i réimse na Ceimice, na Fisice agus na Fiseolaíochta nó Leighis chuig Tionól Lindau do Bhuaiteoirí an Ghradam Nobel idirhisciplíneach le reachtáil idir 28 Meitheamh agus 3 Iúil 2020 ar oileán Lindau, suite ar Loch Constance i ndeisceart na Gearmáine. Beidh suas le 600 eolaí óga sárchumasacha ann, ó gach cearn den domhan, chun éisteacht lena gcainteanna, a ndíospóireachtaí painéil ar thopaicí idirhisciplíneach agus a séisiúin bheaga díospóireachta.

Beidh ar na rannpháirtithe ainmnithe:

- fíorshuim agus rannpháirtíocht in eolaíocht agus taighde a léiriú;
- barr feabhais ina bpríomhréimse staidéir a léiriú agus, anuas air sin, tiomantas don obair idirhisciplíneach, léirithe mar shampla i bhfoirm céimeanna dúbailte nó tionscnaimh idirhisciplíneacha ina gcuid taighde;
- tacaíocht an-láidir a fháil dá n-iarratas óna stiúrthóir acadúil agus/nó ó eolaí a bhfuil clú domhanda bainte amach aige nó aici, agus aithne mhaith acu ar an iarratasóir; tá litir mholta mhionsonraithe riachtanach don iarratas;
- CV cuimsitheach a chur isteach lena n-iarratas (mar cheangaltán);
- líofacht sa Bhéarla a bheith acu agus a bheith réidh páirt ghníomhach a ghlacadh i ndíospóireachtaí le buaiteoirí gradaim agus le heolaithe óga eile;
- a bheith sa 5ú faoin gcéad is fearr dá ranganna;
- gan post buan a bheith acu cheana féin (chuige seo, ní mór a stádas proifisúnta/fostaíochta a léiriú go soiléir);
- gan a bheith níos sine ná 35 bliana d'aois ag dáta an tionóil cé go ndéanfar eisceachtaí i gcásanna áirithe (m.sh. saoire máithreachais);
- gan páirt a bheith glactha acu i dTionól Lindau roimhe seo;
- na hiarratais chomhlánaithe a chur isteach sa phróifíl ar líne roimh nó ar an sprioc, an 24 Meán Fómhair 2019 (freagracht na n-iarratasóirí ainmnithe; ní chuirfear iarratais neamhchomhlánaithe san áireamh) agus
- a chinntiú go mbeidh siad i láthair in Lindau ar feadh thréimhse iomlán an tionóil.

Ba cheart go mbeadh na critéir seo a leanas ag mic léinn mháistreachta agus dhochtúireachta:

- ardchaighdeán acadúil a bheith bainte amach acu agus
- obair thaighde den scoth déanta acu cheana féin, m. sh. i bhfoirm foilsíúchán, cur i láthair ag comhdhálacha, agus/nó duais/gradam taighde.

Ba cheart go mbeadh na critéir seo a leanas ag eolaithe iardhochtúireachta:

- suas le 5 bliana de thaithí iardhochtúireachta (bheadh idir 2-3 bliana i ndiaidh dochtúireacht a dhéanamh go hídéalach);



IRISH RESEARCH COUNCIL An Chomhairle um Thaighde in Éirinn



- torthaí den scoth foilsithe, b'fhearr a dtaighde eolaíochta féin a bheith foilsithe in irisleabhair mheasúnaithe agus iad a bheith mar údar tosaigh, deiridh agus/nó comhfhreagrach; agus
- a gcuid taighde a bheith curtha i láthair acu ag cruinnithe eolaíochta idirnáisiúnta, mar (aoi)léachtóirí go hídéalach.

Ba cheart go mbeadh na gnéithe seo a leanas ag na litreacha molta:

- fad leathanaigh A4 agus iad curtha isteach i bhfoirm PDF;
- cur síos ar ghaiscí an iarratasóra seachas cur síos a dhéanamh ar an institiúid ainmniúcháin;
- litreacha pearsanta a bheith cumtha do gach aon iarratasóir seachas litir chaighdeánach atá díreach mar an gcéanna le litreacha gach iarratasóir eile; agus
- sonraí a thabhairt faoi na gaiscí ar leith atá déanta ag an iarratasóir san obair eolaíochta/chliniciúil agus/nó i gcur le feasacht an phobail faoin taighde.

Tabhair i gcuimhne le do thoil gur gné thábhachtach í an litir mholta sa phróiseas meastóireachta agus go dtéann sí i bhfeidhm ar na torthaí.

Táimid buíoch as bhur gcomhoibriú linn agus táimid ag tnúth go mór le bhur n-ainmniúcháin a fháil.

Ba cheart ceisteanna faoin ngairm seo a seoladh chuig lindau@research.ie agus '70th Lindau Nobel Laureate Meeting (interdisciplinary)' a chur i líne an Ábhair.